



Teideal an Fhíseáin: An Cód um Chosaint Tomhaltóirí - Abair Leat

Conas is féidir **cosaint níos fearr** a thabhairt do **thomhaltóirí** seirbhísí airgeadais?

Tá **athrú** ó bhonn tagtha ar **sheirbhísí airgeadais le deich mbliana anuas**.

Chun freagairt don athrú seo, tá **athbhreithniú cuimsitheach** á dhéanamh ag Banc Ceannais na hÉireann ar an **gCód um Chosaint Tomhaltóirí**.

Leis an athbhreithniú seo, déanfar an **Cód a nua-aoisiú** agus cinnteofar go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus **go gcosnaíonn sé tomhaltóirí sa lá atá inniu ann agus amach anseo**.

{Derville Rowland, Leas-Ghobharnóir, Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí, Banc Ceannais na hÉireann}

Tá **cosaint tomhaltóirí** i gcroílár gach a ndéanaimid agus is amhlaidh a bheidh i gcónaí.

Sula molaimid athruithe ar an **gCód um Chosaint Tomhaltóirí**, tá do thuairimí uainn maidir leis an gcaoi inar ceart go bhforbródh **cosaint tomhaltóirí** sna seirbhísí airgeadais.

Tá **plépháipéar** seolta againn ina lorgaímid do thuairimí ar ábhair shonracha a bhaineann le **cosaint tomhaltóirí**.

Orthu sin, tá **infhaighteacht** agus **rogha táirgí airgeadais**, gnólachtaí ag gníomhú ar mhaithe le **leasanna tomhaltóirí**, **nuálaíocht** agus **saobhadh**, **digitíú**, **leochaileacht**, **litearthacht airgeadais** agus **ábhair aeráide**.

Leis an ionchur s'agatsa sa chéad chéim den athbhreithniú ar an **gCód um Chosaint Tomhaltóirí**, is féidir linn oibriú chun **leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais** a chinntiú sna blianta amach romhainn.

Tá ár **bplépháipéar** faoin Athbhreithniú ar an **gCód um Chosaint Tomhaltóirí** ar oscailt go dtí an **31 Márta 2023**.

Beidh an t-aiseolas mar bhonn eolais do mholtaí a chuirfimid in iúl i **gcomhairliúchán poiblí** a fhoilseofar i dtreo **dheireadh 2023**.

TUILLEADH EOLAIS: centralbank.ie/athbhreithniucoid